

## Ceimiceáin sa Bhaile agus sa Ghairdín

Baintear úsáid as ceimiceáin gach lá inár dtithe agus inár ngairdíní - glantaigh, úraitheoirí aeir, idirleatóirí giolcaí agus coinnle, táirgí chun cairr a ghlanadh agus a chothabháil, péinteanna, vearnaisí, cabhraíonn gach ceann acu chun ár dtithe, ár n-éadaí, ár gcairr agus ár ngairdíní a chothabháil. Ach, mura n-úsáidtear is mura stóráiltear na ceimiceáin sin ar bhealach sábháilte, is féidir leat féin nó do theaghlach nó an timpeallacht a bheith i mbaol díobhála.

## Cad a tharlaíonn i ndiaidh teacht i dteagmháil le ceimiceach?

Is féidir le roinnt ceimiceán sa bhaile agus sa ghairdín dochar a dhéanamh ag brath ar cé chomh dainséarach is atá siad agus a fhad a mbíonn tú i dteagmháil leo.

Is féidir teacht i dteagmháil le ceimiceach má dhéantar táirgí a shlogadh nó a ionanálú, nó má théann ceimiceáin i dteagmháil leis an gcraiceann nó leis na súile, agus raon leathan airíonna, amhail dónna, greannú, grís, meadhrán agus gnáth-thinneas mar thoradh air.

Is féidir le stóráil, úsáid nó diúscairt ceimiceán ar bhealach míchuí dochar a dhéanamh don timpeallacht.





## Na rudaí **is ceart** agus **nach ceart** a dhéanamh nuair a úsáideann tú ceimiceán sa bhaile nó sa ghairdín

- ✓ **Is ceart** an lipéad a léamh.
- ✓ **Is ceart** ceimiceáin a choinneáil sna gabhdáin ina bhfuair tú iad.
- ✓ **Is ceart** na treoracha a léamh is a leanúint.
- ✓ **Is ceart** an méid atá molta a úsáid.
- ✓ **Is ceart** éadach cosanta atá molta a úsáid.
- ✓ **Is ceart** gabhdáin fholmha a dhiúscairt ar bhealach sábháilte.
- ✓ **Is ceart** ceimiceáin a choinneáil faoi ghlas, as aice is as radharc páistí.
- ✗ **Ní ceart** ceimiceáin a chur isteach i ngabhdáin eile nó i mbuidéil uisce/deochanna boga.
- ✗ **Ní ceart** ceimiceáin inadhainte a úsáid in aice foinsí teasa ná tine.
- ✗ **Ní ceart** ceimiceáin a mheascadh.

## Cár féidir liom teacht ar thuilleadh eolais?

- Soláthraí an cheimiceáin
- An tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta
  - **www.hsa.ie/chemicals**
  - **chemicals@hsa.ie**
  - **(01) 809 2166** *(idir 9:00am agus 3:00pm, ó Luan go hAoine)*
- Rannóg um Lotnaidicídí a Chlárú agus Rannóg um Lotnaidicídí a Rialú de chuid na Roinne Talmhaíochta, Bia agus Mara i dtaca le Táirgí Bithicídeacha agus Táirgí Cosanta Plandaí **www.pcs.agriculture.gov.ie**
- I gcás éigeandála:
  Ionad Eolais na Nimheanna Náisiúnta
  **(01) 809 2166** *(idir 8:00am agus 10:00pm, 7 lá in aghaidh na seachtaine)*





# Úsáid Ceimiceáin go Sábháilte sa Bhaile agus sa Ghairdín

HSA


An tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta
Health and Safety Authority

Nuair a úsáideann tú ceimiceáin sa bhaile agus sa ghairdín, tá sé tábhachtach eolas a bheith agat faoi na contúirtí folaigh. Léigh an lipéad i gcónaí agus úsáid agus stóráil an ceimiceán mar a mholtar, chun tú féin do theaghlach agus an timpeallacht a choinneáil slán.

## Cá bhfios dom an bhfuil ceimiceán dainséarach?

Ba chóir go mbeidh eolas ar an lipéad ar an ngabhdán faoi na hairíonna contúirteacha ar fad atá ag an gceimiceán.






## Cad a chiallaíonn na picteagraim ghuaise?

| | | |
|---|---|---|
| DAINSÉAR | Bagrach don bheatha fiú i méideanna beaga nó i ndiaidh nochtadh gairid | Láimhsigh go cúramach |
| | Éifeachtaí tromchúiseacha fadtéarmacha don tsláinte | Ná slog is ná hionanálaigh |
| | Déanann sé dónna craicinn agus súile | **Seachain teagmháil leis an gcraiceann** |
| RABHADH | Scrios ar mhiotail | Láimhsigh go cúramach |
| | Greannú craicinn agus súile<br>Éifeachtaí díobhálacha don tsláinte<br>Díobháil don chrios ózóin | Ná slog, ná teagmhaigh is ná hionanálaigh<br>Seachain scaoileadh isteach sa chomhshaol |

| | | |
|---|---|---|
| DAINSÉAR | Pléascach - íogair do thine, teas, creathadh agus frithchuimilt | Fan amach |
| | An-inadhainte - tinte tromchúiseacha má ligtear splancacha, lasracha agus teas chuige | Ná slog is ná hionanálaigh |
| | Adhnann sé nó géaraíonn sé tine, méadaíonn sé priacal dóiteáin | Seachain teagmháil leis an gcraiceann |
| RABHADH | Pléascfaidh an gabhdán má théitear é. Leacht an-fhuar, dónn sé má theagmhaítear dó. | Ná téigh! |
| | Nimhiúil do thimpeallachtaí uisceacha | Ná cuir síos an draein |